



Department of  
**Education**  
[www.education-ni.gov.uk](http://www.education-ni.gov.uk)

**TransformED NI:**  
Transforming Teaching and Learning



# Scoláirí Cúthaileacha agus Rannpháirtíocht sa tSeomra Ranga:

*Straitéisí le tacú le foghlaimoirí nach  
bhfuil chomh glórach*



# DALTAÍ CÚTHAILE AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT SA tSEOMRA RANGA

*Le InnerDrive*



Is féidir le cúthail, a shainmhínítear mar fhaichill agus míchompord i gcásanna sóisialta, bac a chur ar rannpháirtíocht daltaí, ar fheidhmíocht acadúil agus ar chaidrimh le piaraí (Rubin et al., 2009). Gan straitéisí cuí, tá baol ann go gcuirfí scoláirí cúthaileacha ar leataobh, agus go gcaillfidh siad deiseanna foghlama agus forbartha ríthábhachtacha.

Ag tarraingt ar thaighde ceannródaíoch, déantar san alt seo iniúchadh ar straitéisí fianaise-bhunaithe le rannpháirtíocht a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí nach bhfuil chomh glórach sin.

## TUISCINT A FHÁIL AR CHÚTHAIL AGUS AN TIONCHAR A IMRÍONN SÉ SA tSEOMRA RANGA

Bíonn idirghníomhaíocht chasta de dhúshláin mhothúcháin, shóisialta agus chognaíoch ag daltaí cúthaile. I suíomhanna scoile, is minic a ghlacann siad páirt níos lú, seachnaíonn siad gníomhaíochtaí grúpa agus bíonn níos lú idirghníomhaíochtaí piaraí acu (Mjelve et al., 2019). Tig le múinteoirí a bheith den tuairim go bhfuil siad ciúin nó forchoimeáda gan an imní bhunúsach a aithint (Rubin et al., 2009).

Is leithne na hiarmhairtí ná rannpháirtíocht: tá cúthail bainteach le feidhmíocht acadúil níos ísle, rioscaí níos airde uaignis agus leochaileacht mhéadaithe do neamhoird imní anonn sa tsaol (Evans, 2010).

Rud tábhachtach, léiríonn Mjelve et al. (2019) so soiléir nach ionann i gcónaí an léirmhíniú a bhíonn ag múinteoirí ar iompar cúthaileach. Feiceann cuid acu é mar chéim; aithníonn daoine eile gur bacainn shuntasach síceasóisialta é. Tá tuiscint chaolchúiseach ar na difríochtaí seo ríthábhachtach le seomraí ranga tacúla a chruthú.

# STRAITÉISÍ LE TACÚ LE DALTAÍ CÚTHAILEACHA

## 1. Ionchais arda a leagan síos

Bíonn tionchar suntasach ag ionchais mhúinteoirí ar thorthaí na ndaltaí. Léirigh Rubie Davies et al. (2010) nuair a bhí ionchais arda ag múinteoirí d'achan dalta, lena n-áirítear daltaí níos ciúine, gur bhain siad níos mó amach. Os a choinne sin, is féidir le hionchais ísle, cé acu atá siad comhfhiosach nó neamhfhiosach, cúthail a threisiú agus fás acadúil a theorannú. Caithfear ionchais arda a chur in iúl go gníomhach: trí spreagadh, tascanna dúshlánacha agus aiseolas a dhírítear ar iarracht.

## 2. Úsáid a bhaint as Roghnú Randamach le rannpháirtíocht a normalú

Thiocfadh dó go mbeadh riosca ag baint le roghnú randamach – daltaí a roghnú le ceisteanna a fhreagairt gan aon oibrithe deonacha riachtanacha – d'fhoghlaimoírí cúthaile. Mar sin féin, nuair a úsáidtear é go intuartha agus go tacúil, léiríonn taighde go dtig leis compord agus rannpháirtíocht a mhéadú le himeacht ama.

I staidéar ceannródaíoch, fuair Dallimore agus comhghleacaithe amach (2012) go raibh rannpháirtíocht dheonach níos mó i measc daltaí a bhí drogallach ar dtús. Is cosúil gur suntasaí an éifeacht seo i gcás cailíní cúthaileacha (Dallimore et al., 2019).

Tacaíonn Lemov (2015) chomh maith le Roghnú Randamach mar uirlis le haghaidh cuimsitheachta, ní brú. I measc na bpríomhphrionsabal tá:

- Intuathacht: A chur in iúl do dhaltaí go bhféadfaí ceist a chur ar achan duine
- Ullmhúchán: Am smaointeoireachta a cheadú sula gcuirtear ceist
- Bailíochtú: Iarracht a mholadh, ní hamháin freagraí cearta

Nuair a chuirtear Roghnú Randamach i láthair mar ghnáthnós neamhbhagrach sa tseomra ranga, tugann sé le fios go bhfuil tábhacht le guth achan dalta.

## 3. Leasa a bhaint as cumhacht tacaíochta píaraí

Tig le píaraí tionchar mór a imirt ar thoilteanas na ndaltaí atá cúthail páirt a ghlacadh. Fuair Silva agus comhghleacaithe (2015) amach gur mhéadaigh láithreachta píaraí iompraíochtaí taiscéalaíochta agus íogaireacht d'aiseolas i ndéagóirí. I seomraí ranga, tig le hidirghníomhaíochtaí píaraí struchtúrtha cuidiú le dalta cúthaileacha a bheith níos rannpháirtí agus níos toilteanaí dul i ngleic leis.

Tá Smaoinigh-Cuir i bPéirí-Comhroinn éifeachtach go háirithe:

- Smaoinigh: Déanann daltaí machnamh neamhspleách ar a bhfreagra
- Cuir i bPéirí: Pléann siad a gcuid smaointe le páirtí
- Comhroinn: Cuireann siad smaointe i láthair an ranga, go minic le tacaíocht a bpáirtí

Tógann an t-ardú de réir a chéile seo ó mhachnamh príobháideach go comhroinnt phoiblí muinín agus déanann sé labhairt a normalú. Tugann fianaise le fios go laghdaíonn an tsamhail Smaoinigh – Cuir i bPéire-Comhroinn imní na ndaltaí go suntasach agus go mbraitheann níos mó daltaí muiníneach páirt a ghlacadh sa rang (Mundelsee agus Jurkowski, 2021).

#### **4. Aghaidh a thabhairt ar bhacainní mothúchánacha agus sóisialta**

Bíonn timpeallachtaí de dhíth ar dhaltaí ina ndéantar botúin a normalú agus ina ndéantar ceiliúradh ar an tógáil rioscaí. Tig le múinteoirí é seo a mhúnlú trína n-éiginnteachtaí féin a admháil agus buanseasmhacht a mholadh seachas an fhoirfeacht.

Fuair Mjelve et al. (2019) amach gur éirigh níos fearr le múinteoirí a thóg caidrimh láidre, muiníneacha le daltaí cúthaileacha le rannpháirtíocht a spreagadh. Gothaí beaga, comhsheasmhacha, beannú ó chroí do dhaltaí agus spreagadh príobháideach a thabhairt, tógann siad an bunús le haghaidh rannpháirtíocht níos cróga.

### **SMAOINTE DEIRIDH**

Ní easnamh í an chúthaileacht; is bealach difriúil é le taithí a fháil ar an tseomra ranga. Ach gan tacaíocht chúramach, tá baol ann go gcaillfidh daltaí cúthaileacha deiseanna acadúla agus sóisialta ríthábhachtacha.

Trí ionchais arda a shocrú, straitéisí rannpháirtíochta struchtúrtha a úsáid, sábháilteacht mhothúchánach a thógáil agus tacaíocht piaraí a ghíaráil, tig le múinteoirí daltaí níos ciúine a chumhachtú le páirt a ghlacadh go muiníneach. Agus é sin á dhéanamh, cruthaíonn siad seomraí ranga ina bhfuil guth ag achan fhoghlaimoír, ní hamháin an duine is glóraí.

## TAGAIRTÍ

- Coplan, R., Hughes, K., Bosacki, S., & Rose-Krasnor, L. (2011). An bhfuil ciúnas órga? Straitéisí agus creidimh múinteoirí bunscoile i dtreo leanáí hipitéiseacha cúthail-chiúin agus cainte-exuberant. *Jurnal na Síceolaíochta Oideachais*, 103(4), 939–951.
- Dallimore, E., Hertenstein, J., & Platt, M. (2012). Impact of cold-calling on student voluntary participation. *Journal of Management Education*, 37(3), 305–341.
- Dallimore, E., Hertenstein, J & Platt, M. (2019). Levelling the Playing Field: How Cold-Calling Affects Class Discussion Gender Equity. *Journal of Education and Learning*. 8, 14-23
- Evans, M. (2010). Silent children in the classroom. In W. Crozier & L. Alden (Eds.), *The essential handbook of social anxiety for clinicians* (pp. 231– 248). John Wiley & Sons.
- Lemov, D. (2015). *Teach Like a Champion 2.0: 62 Techniques That Put Students on the Path to College*. Jossey-Bass.
- Mjelve, L., Nyborg, G., Edwards, A., & Crozier, W. (2019). Teachers' understandings of shyness: Psychosocial differentiation for student inclusion. *British Educational Research Journal*, 45(6), 1295–1311.
- Mundelsee, L & Jurkowski, S. (2021). Think and pair before share: Effects of collaboration on students' in-class participation. *Learning and Individual Differences*. 88. 102015.
- Rubie-Davies, C., Peterson, E., Irving, E., Widdowson, D., & Dixon, R. (2010). Expectations of achievement: Student, teacher, and parent perceptions. *Research in Education*, 83(1), 36–53.
- Rubin, K., Coplan, R., & Bowker, J. (2009). Social withdrawal in childhood. *Annual Review of Psychology*, 60, 141–171.
- Silva, K., Chein, J., & Steinberg, L. (2015). Peers increase late adolescents' exploratory behaviour and sensitivity to positive and negative feedback. *Journal of Research on Adolescence*, 26(4), 696–705.

## ACMHAINNÍ BREISE

### *Blaganna*

Do we expect less from shy students? <https://innerdrive.co.uk/blog/expect-less-from-shy-students/>

Oracy in class: How to encourage students to speak up and participate  
<https://innerdrive.co.uk/blog/motivate-students-to-participate/>

The important role of Oracy in facilitating deep learning  
<https://www.innerdrive.co.uk/blog/oracy-deep-learning/>

Think, Pair, Share: Why it's important, and how to do it  
<https://innerdrive.co.uk/blog/think-pair-share/>

How to support your shy students, according to research  
<https://www.innerdrive.co.uk/blog/support-your-shy-students/>

### *Leabhar*

***Unlocking Oracy: Enhancing Student Learning and Personal Development*** (2025)  
by Nikki Sullivan, Kelly Heaton & Lucy Lowde [routledge.com/Unlocking-Oracy-Enhancing-Student-Learning-and-Personal-Development/Sullivan-Heaton-Lowde/p/book/9781032739885](https://www.routledge.com/Unlocking-Oracy-Enhancing-Student-Learning-and-Personal-Development/Sullivan-Heaton-Lowde/p/book/9781032739885)



Department of  
**Education**  
[www.education-ni.gov.uk](http://www.education-ni.gov.uk)